CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 162/23
Lucsamburg, 26 Deireadh Fómhair 2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-238/22 | LATAM Airlines Group

# Diúltú bordála go luath: tá paisinéirí i dteideal cúitimh fiú mura raibh siad i láthair ag an tseiceáil isteach agus fiú má cuireadh ar an eolas iad maidir leis an diúltú bordála sin coicís ar a laghad roimh am imeachta sceidealaithe na heitilte.

Nuair nach raibh paisinéir in ann seiceáil isteach don eitilt ó Frankfurt am Main go Maidrid, a bhí curtha in áirithe aici don lá dár gcionn, chuaigh sí i dteagmháil leis an gcuideachta LATAM Airlines. Chuir an chuideachta in iúl di ansin gur aistrigh siad í chuig eitilt an lá roimhe sin gan í a chur ar an eolas. Chuir siad in iúl di freisin gur cuireadh bac ar a háirithint don eitilt ar ais, a bhí le fáil aici níos mó ná coicís ina dhiaidh sin, ar an bhforas nár thóg sí an eitilt amach. Iarrann an paisinéir seo cúiteamh cnapshuime de EUR 250 ó LATAM Airlines mar gur diúltaíodh bordáil di ar an eitilt ar ais.

Fiafraíonn an chúirt Ghearmánach, ar thug an paisinéir caingean os a comhair, den Chúirt Bhreithiúnais an gceanglaítear leis an gcúiteamh sin, de réir an Rialacháin maidir le cearta aerphaisinéirí [1], go raibh an paisinéir i láthair ag an tseiceáil isteach in ainneoin gur chuir an aerlíne in iúl dó roimh ré nach gceadófaí dó dul ar bord. Is mian leis an gcúirt sin a fháil amach freisin an féidir leis an aerlíne, mar atá i gcás cealuithe eitilte, í féin a dhíolmhú ón oibleagáid cúiteamh a íoc má thugann sí fógra leordhóthanach don phaisinéir maidir le diúltú bordála, i.e. coicís ar a laghad roimh am imeachta sceidealaithe na heitilte.

Sa bhreithiúnas a thug sí inniu, chinn an Chúirt**, i gcás go ndiúltaítear bordáil go luath, go bhfuil cúiteamh dlite do dhiúltú bordála fiú mura raibh an paisinéir lena mbaineann i láthair ag an tseiceáil isteach**. I gcás inar chuir an t-aeriompróir in iúl don phaisinéir roimh ré go ndiúltóidh sé cead a thabhairt dó bordáil in éadan a thola ar eitilt a bhfuil áirithint deimhnithe ag an bpaisinéir ina leith, bheadh an ceanglas a bheith i láthair ag an tseiceáil isteach ina **fhoirmiúlacht gan chiall**.

**Chinn an Chúirt freisin go bhfuil feidhm ag an gceart chun cúitimh fiú má cuireadh an paisinéir ar an eolas faoin diúltú bordála coicís ar a laghad roimh am imeachta sceidealaithe na heitilte.** Go deimhin, níl aon chúis leis an riail a leagtar síos maidir le cealuithe eitilte amháin, trína scaoiltear aeriompróirí óna n-oibleagáid paisinéirí a chúiteamh má chuireann siad ar an eolas iad faoi chealú na heitilte coicís ar a laghad roimh an am imeachta sceidealaithe, a chur i bhfeidhm i gcás diúltú bordála.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist

chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, más ann, résumé an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3555.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadaítear dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó ina bhfuil moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh 295/91. Tá feidhm ag an Rialachán sin, i bprionsabal, maidir le gach eitilt ag imeacht ón Aontas Eorpach, agus maidir le gach eitilt chuig an Aontas má tá siad á n-oibriú ag aerlíne de chuid an Aontais. Is é EUR 250, EUR 400 nó EUR 600 an cúiteamh cnapshuime dá bhforáiltear i gcásanna cealaithe nó diúltaithe bordála, ag brath ar fhad na heitilte.